Parlaimint na hEorpa
2019-2024

An Coiste um Iascach

2022/2148(INI)

5.4.2023

DRÉACHT-TUARASCÁIL

ar na himpleachtaí atá ag gníomhaíochtaí iascaireachta na Síne ar iascach an Aontais agus an bealach chun cinn
(2022/2148(INI))

An Coiste um Iascach

Rapóirtéir: Pierre Karleskind

PR_INI

CLÁR

Leathanach

TAIRISCINT I gCOMHAIR RÚN Ó PHARLAIMINT NA hEORPA 3

RÁITEAS MÍNIÚCHÁIN 8

TAIRISCINT I gCOMHAIR RÚN Ó PHARLAIMINT NA hEORPA

ar na himpleachtaí atá ag gníomhaíochtaí iascaireachta na Síne ar iascach an Aontais agus an bealach chun cinn
(2022/2148(INI))

Tá Parlaimint na hEorpa,

– ag féachaint do Rialachán (AE) Uimh. 1380/2013 ó Pharlaimint na hEorpa agus ón gComhairle an 11 Nollaig 2013 maidir leis an gComhbheartas Iascaigh, lena leasaítear Rialachán (CE) Uimh. 1954/2003 agus Rialachán (CE) Uimh. 1224/2009 ón gComhairle agus lena n-aisghairtear Rialachán (CE) Uimh. 2371/2002 agus Rialachán (CE) Uimh. 639/2004 ón gComhairle agus Cinneadh 2004/585/CE ón gComhairle[1],

– ag féachaint do Rialachán (CE) Uimh. 1005/2008 ón gComhairle an 29 Meán Fómhair 2008 lena mbunaítear córas Comhphobail chun iascaireacht neamhdhleathach, neamhthuairiscithe agus neamhrialáilte a chosc, a dhíspreagadh agus a dhíothú, lena leasaítear Rialacháin (CEE) Uimh. 2847/93, (CE) Uimh. 1936/2001 agus (CE) Uimh. 601/2004 agus lena n-aisghairtear Rialacháin (CE) Uimh. 1093/94 agus (CE) Uimh. 1447/1999[2],

– ag féachaint do Rialachán (AE) 2020/1998 ón gComhairle an 7 Nollaig 2020 maidir le bearta sriantacha mar fhreagairt ar sháruithe agus mí-úsáidí tromchúiseacha ar chearta an duine[3],

– ag féachaint don togra le haghaidh rialachán ó Pharlaimint na hEorpa agus ón gComhairle maidir le toirmeasc ar tháirgí saothair éignithe ar mhargadh an Aontais [COM(2022)0453] agus don dréacht-tuarascáil ón bParlaimint ar an togra sin,

– ag féachaint don togra le haghaidh treoir ó Pharlaimint na hEorpa agus ón gComhairle i dtaca le dícheall cuí maidir le hinbhuanaitheacht chorparáideach agus lena leasaítear Treoir (AE) 2019/1937 [COM(2022)0071] agus don dréacht-tuarascáil ón bParlaimint ar an togra sin,

– ag féachaint don teachtaireacht ón gCoimisiún an 20 Bealtaine 2020 dar teideal *A Farm to Fork Strategy* [an Straitéis ‘ón bhFeirm go dtí an Forc] [COM(2020)0381] agus don rún ó Pharlaimint na hEorpa an 20 Deireadh Fómhair 2021 ar an straitéis sin[4],

– ag féachaint don teachtaireacht ón gCoimisiún an 20 Bealtaine 2020 dar teideal *EU Biodiversity Strategy for 2030* [Straitéis Bhithéagsúlachta AE do 2030 [COM(2020)0380], agus don rún ó Pharlaimint na hEorpa an 9 Meitheamh 2021 ar an straitéis sin[5],

---

[1] IO L 354, 28.12.2013, lch. 22.
[2] IO L 286, 29.10.2008, lch. 1.
[3] IO L 410, 7.12.2020, lch. 1.
[4] IO C 184, 5.5.2022, lch. 2
[5] IO C 67, 8.2.2022, lch. 25

– ag féachaint do Choinbhinsiún na Náisiún Aontaithe an 10 Nollaig 1982 maidir le Dlí na Farraige,

– ag féachaint don Choinbhinsiún Idirnáisiúnta um Shábháilteacht Anama ar Muir (SOLAS) an 1 Samhain 1974,

– ag féachaint do Choinbhinsiún an 6 Márta 1948 lena mbunaítear an Eagraíocht Mhuirí Idirnáisiúnta (IMO),

– ag féachaint do Choinbhinsiún (Uimh. 188) na hEagraíochta Idirnáisiúnta Saothair maidir le hObair san Iascaireacht an 14 Meitheamh 2007,

– ag féachaint do Phrótacal Torremolinos an 2 Aibreán 1993 agus do Chomhaontú Cape Town 2012,

– ag féachaint do chomhairle chomhpháirteach ón gComhairle Chomhairleach Fadraoin (LDAC) agus ón gComhairle Chomhairleach um Margaí (MAC) an 13 Nollaig 2022 (R-06-22/WG4-WG5),

– ag féachaint don staidéar a rinneadh i mí na Nollag 2022 dar teideal *Research for PECH Committee: Role and impact of China on world fisheries and aquaculture* [Taighde do Choiste PECH — Ról agus tionchar na Síne ar iascach agus dobharshaothrú domhanda],

– ag féachaint don Chomhaontú ar Bhearta Stát an Chalafoirt chun Iascaireacht Neamhdhleathach, Neamhthuairiscithe agus Neamhrialáilte a Chosc, a Dhíspreagadh agus a Dhíothú, arna fhormheas ag Comhdháil Eagraíocht Bhia agus Talmhaíochta na Náisiún Aontaithe (FAO) an 22 Samhain 2009,

– ag féachaint do Chonradh an 4 Márta 2023 maidir le bithéagsúlacht mhuirí a chaomhnú agus a úsáid go hinbhuanaithe i limistéir lasmuigh den dlínse náisiúnta,

– ag féachaint do Chomhpháirtíocht Ghorm do na háigéin idir an tAontas Eorpach agus Daon-Phoblacht na Síne an 16 Iúil 2018,

– ag féachaint don teachtaireacht chomhpháirteach ón gCoimisiún chuig Parlaimint na hEorpa, chuig an gComhairle Eorpach agus chuig an gComhairle an 12 Márta 2019 ar an gcaidreamh idir AE agus an tSín, dar teideal *A strategic outlook* [Dearcadh straitéiseach] [JOIN(2019)0005],

– ag féachaint do rún uaithi an 5 Iúil 2022 maidir leis an Straitéis Ind-Chiúin-Aigéanach i réimse na trádála agus na hinfheistíochta[6],

– ag féachaint don 13ú Plean cúig bliana um fhorbairt iascaireacht chianuisce na Síne 2017,

– ag féachaint do Riail 54 dá Rialacha Nós Imeachta,

– ag féachaint don tuarascáil ón gCoiste um Iascach (A9-0000/2023),

[6] IO C 47, 7.2.2023, lch. 15

A. de bhrí go sonraítear in Airteagal 28 de Rialachán (AE) Uimh. 1380/2013 go seolfaidh an tAontas Eorpach a chaidreamh seachtrach iascaigh d'fhonn saothrú, bainistiú agus caomhnú inbhuanaithe acmhainní bitheolaíocha na mara agus na muirthimpeallachta a áirithiú;

B. de bhrí go bhforáiltear le hAirteagal 12 de Rialachán (CE) Uimh. 1005/2008 go gcuirfear toirmeasc ar allmhairiú táirgí iascaigh a fhaightear ón iascaireacht neamhdhleathach, neamhthuairiscithe agus neamhrialáilte (dá ngairtear 'iascaireacht NNN' anseo feasta);

C. de bhrí go bhfuil ceithre thríú tír ann faoi láthair a bhfuil cárta dearg acu agus ocht dtríú tír a bhfuil cárta buí acu;

D. de bhrí go bhfuil an cabhlach cianiascaireachta is mó ar domhan ag an tSín agus gurb í an tSín an t-allmhaireoir mine éisc is mó ar domhan[7];

E. de bhrí go dtacaíonn an tAontas le forbairt agus bainistiú iascaigh inbhuanaithe, lena n-áirítear trí bhearta chun feabhas a chur ar acmhainneachtaí faireacháin, rialaithe agus faireachais sa chomhrac i gcoinne iascaireacht NNN;

F. de bhrí gur sínitheoir í Daon-Phoblacht na Síne le Comhaontú na hEagraíochta Domhanda Trádála (EDT) maidir le Fóirdheontais Iascaigh ó mhí an Mheithimh 2022;

G. de bhrí gur dhaingnigh Daon-Phoblacht na Síne an Comhaontú i mí an Mheithimh 2022 chun cosc a chur ar iascach mórmhara neamhrialáilte i Lár an Aigéin Artaigh;

H. de bhrí gur shínigh an tAontas agus Daon-Phoblacht na Síne comhaontú déthaobhach in 2018, ar a dtugtar an Chomhpháirtíocht Ghorm, arb é is aidhm dó feabhas a chur ar an gcomhar maidir le rialachas domhanda na n-aigéan agus go dtagann a mbuanmheitheal le chéile uair nó dhó sa bhliain;

I. de bhrí gur eisigh Oifig um Rialú Sócmhainní Eachtracha Státchiste na Stát Aontaithe smachtbhannaí faoi Acht Magnitsky i gcoinne roinnt cuideachtaí iascaireachta Síneacha as úsáid líomhnaithe saothair éignithe;

J. de bhrí gurb ionann gabhálacha muirí domhanda na Síne faoi láthair agus idir 14 mhilliún agus 16 mhilliún tonna, as a dtagann 3 go 4 mhilliún tonna ó chianiascaireacht, a bhfuil cuid mhór díobh gafa in uiscí amach ó chósta na hAfraice Thiar agus amach ó Mheiriceá Theas (Ecuadór agus Peiriú)[8];

K. de bhrí gur ón tSín a tháinig 39 % d'fhilléid tuinnín a thairbhíonn de tharaif-chuótaí uathrialaitheacha 0 % a allmhairíodh isteach in AE in 2017[9];

---

[7] Pauly, D. et al., 'Taighde do Choiste PECH — Ról agus tionchar na Síne ar iascach agus dobharshaothrú domhanda', Parlaimint na hEorpa, an Roinn Beartais um na Beartais Struchtúracha agus Chomhtháthaithe, an Bhruiséil, 2022, lch. 14 agus lch. 28.
[8] Ibid, lch. 14.
[9] Tuairim ó LDAC (R-10-20/WG1), Iúil 2020.

L. de bhrí gur neartaigh an tSín a rialachán maidir le hiascaigh i gcianuisce a bhainistiú in 2020; de bhrí gur gheall sí in 2017 go ndéanfadh sí a cabhlach cianuisce a theorannú do 3 000 soitheach faoi 2020;

An trédhearcacht is mó is féidir a áirithiú

1. á chur in iúl gur saoth léi go bhfuil easpa trédhearcachta ann maidir le líon na mbád i gcabhlach cianuisce na Síne; ag tabhairt dá haire gurb ionann cabhlach iomlán na Síne agus beagnach 27 000 soitheach; á chur in iúl gurb oth léi nach bhfuil feidhm ag an Rialachán um Rialú arna ghlacadh ag an tSín ach amháin maidir lena cabhlach cianuisce, arb ionann é agus cuid bheag dá cabhlach;

2. á mholadh don Choimisiún a iarraidh go mbeadh uimhir aitheantais IMO ag gach bád iascaireachta agus go gcuirfí cosc ar bhratacha áise a úsáid; á iarraidh go mbeadh rochtain ag an bpobal ar fhaisnéis maidir le húinéireacht éifeachtach bád iascaireachta de gach bratach;

3. á iarraidh ar an gCoimisiún tuilleadh trédhearcachta a iarraidh ó údaráis na Síne maidir le gníomhaíochtaí iascaireachta agus comhaontuithe iascaigh atá déanta ag cabhlaigh chianuisce na Síne;

4. ag tabhairt dá haire go bhfuil méadú ag teacht ar na comhaontuithe iascaigh idir Daon-Phoblacht na Síne agus tríú tíortha; á chur in iúl gur oth léi go bhfuil easpa trédhearcachta ann maidir leis na comhaontuithe, na ceadúnais agus na húdaruithe sin;

5. á iarraidh ar an tSín Comhaontú FAO maidir le Bearta Stát an Chalafoirt a dhaingniú agus a chur chun feidhme; á iarraidh ar stáit chósta cionta agus smachtbhannaí na soithí cianuisce a chur ar fáil go poiblí;

An tAontas Eorpach a chosaint ar chleachtais éagóracha trádála

6. á iarraidh ar na Ballstáit reachtaíocht an Aontais a fhorfheidhmiú go docht sa mhéid a bhaineann leis an gcóras inrianaitheachta agus tuairiscithe gabhálacha; á iarraidh go bhfaighfí amach líon na dtáirgí a ghabhann soithí Síneacha agus a thagann isteach i margadh an Aontais ina dhiaidh sin;

7. ag spreagadh na Síne agus na dtíortha lena bhfuil comhaontuithe iascaigh sínithe aici chun a n-acmhainneachtaí a neartú chun teagmhais iascaireachta NNN a rialú, a bhrath, a chosc agus chun freagairt dóibh; ag moladh gur cheart don Choimisiún tacaíocht theicniúil a sholáthar chuige sin;

8. ag spreagadh táirgeoirí bia mara san Aontas a gcomhpháirtithe don phróiseáil phríomhúil a éagsúlú;

9. á chur i bhfáth gur mhéadaigh an tSín líon a hallmhairí isteach san Aontas go suntasach a bhuí le taraif-chuótaí uathrialaitheacha; á mheas go gcruthaíonn sé sin saobhadh margaidh le hallmhairiú ollmhór i mí Eanáir nach gcomhfhreagraíonn d'éileamh sonrach; ag tabhairt faoi deara gur tháinig méadú de réir a chéile ar na hallmhairí sin ó 25 000 tonna in 2017 go 50 000 tonna in 2020;

10. ag tabhairt dá haire go dtugann an tSín fóirdheontais dá cabhlaigh atá ag oibriú sna limistéir eacnamaíocha eisiacha agus ar an mórmhuir; á chur i bhfáth gur cheart teorainn a chur leis na suimeanna arna n-íoc le síniú Chomhaontú EDT maidir le Fóirdheontais Iascaigh le déanaí i mí an Mheithimh 2022;

Acmhainní iascaigh, cearta an duine agus biacheannasacht a chosaint

11. ag tabhairt dá haire go bhfuil déine ghníomhaíochtaí chabhlach iascaireachta na Síne ar an mbealach chun stoic a ídiú; á mheas gur cheart staid na stoc a ndírítear orthu a mheasúnú chun leibhéal an tsaothraithe a chinneadh;

12. ag spreagadh pleananna bainistíochta a bhunú i dtíortha a bhfuil Comhaontuithe Comhpháirtíochta Iascaigh Inbhuanaithe (CCIInna) ag an Aontas leo; ag tabhairt dá haire gur laghdaigh CCII leis an Máratáin, lena n-áirítear plean bainistíochta do speicis pheiligeacha, an brú iascaireachta mar gheall ar na soithí uile a dhíríonn ar na stoic sin;

13. á iarraidh ar an gCoimisiún straitéis a fhorbairt chun aghaidh a thabhairt ar an bhfíoras go bhfuil níos mó agus níos mó mine éisc á n-allmhairiú ag an tSín ón gcuid eile den domhan; á chur i bhfáth go bhféadfadh allmhairí den sórt sin a bheith contúirteach don tslándáil bia san Afraic;

14. á iarraidh ar an gCoimisiún Rialachán (AE) 2020/1998 a úsáid i gcoinne cuideachtaí Síneacha a bhfuil smachtbhannaí curtha orthu cheana féin ag Státchiste na Stát Aontaithe agus, más gá, an beart sin a leathnú chuig cuideachtaí eile ar cuireadh ina leith gur sháraigh siad cearta an duine;

Leanúnachas an idirphlé idir an tSín agus an tAontas Eorpach a áirithiú

15. á chur i bhfáth an comhar leis an tSín ar an leibhéal domhanda, laistigh de FAO, le heagraíochtaí réigiúnacha bainistithe iascaigh agus le EDT, chun beartais agus rialacháin dhomhanda i gcoinne iascaireacht NNN a fhorbairt;

16. á iarraidh ar an Aontas agus ar an tSín oibriú i ndlúthchomhar le chéile d'fhonn úsáid inbhuanaithe acmhainní bitheolaíocha na mara, rialachas na n-aigéan, go háirithe iascaigh, agus iascaireacht NNN a chomhrac;

17. ag tabhairt dá haire gur ann do neamhréir idir na hacmhainní daonna agus airgeadais a leithdháiltear ar AS MARE i ndáil leis an tSín agus na riachtanais iarbhír; á iarraidh go ndéanfaí athchothromú chun leanúnachas an idirphlé a áirithiú;

°

° °

18. á threorú dá hUachtarán an rún sin a chur ar aghaidh chuig an gComhairle agus chuig an gCoimisiún.

RÁITEAS MÍNIÚCHÁIN

Ba mhian leis an rapóirtéir béim a leagan ar cheithre phríomh-aiseanna straitéiseacha chun aghaidh a thabhairt ar impleachtaí oibríochtaí iascaireachta na Síne.

Is é an chéad ais ná trédhearcacht na n-oibríochtaí sin. Tá sé riachtanach tuiscint níos fearr a fháil ar an iarracht iascaireachta arna déanamh ag cabhlaigh na Síne agus na coinníollacha faoina n-oibríonn siad chun go mbeidh an reachtóir in ann freagairt go héifeachtach agus go hiomchuí. Meastar go bhfuil idir 900 agus 2 900 soitheach cianiascaireachta Shíneacha ann. Go dtí seo, níl mórán faisnéise againn maidir leis na gabhálacha a dhéanann na soithí Síneacha, na fóirdheontais a fhaigheann siad, ná inneachar na gcomhaontuithe arna síniú ag an tSín le tríú tíortha. Tá an easpa sonraí sin ina bac mór ar bhainistiú cuí acmhainní iascaigh agus ní féidir a ráthú go bhfuil earnáil na hiascaireachta rialáilte agus inbhuanaithe, agus go dtugann sé urraim do chearta an duine. Dá bhrí sin, is tosaíocht don rapóirtéir é an fhaisnéis sin a fháil agus an tSín a spreagadh chun bogadh i dtreo níos mó trédhearcachta.

Is é an dara hábhar béime ná tionscal iascaireachta na hEorpa a chosaint ar chleachtais éagóracha tráchtála. Ní féidir bainistiú inbhuanaithe acmhainní iascaigh a bhaint amach ach amháin trí rialacháin dhiana agus uaillmhianacha, amhail mar atá sa Chomhbheartas Iascaigh. Ar an taobh eile, ní bhíonn ciall leis na ceanglais sin a fhorchuirtear ar ár n-iascairí ach amháin má bhaineann siad freisin leis na táirgí a allmhairímid isteach san Aontas. Sa chiall sin, is bagairt uathúil í an tSín ar inmharthanacht thionscal iascaireachta na hEorpa, i bhfianaise a thábhachtaí atá sí don mhargadh Eorpach agus i bhfianaise na heaspa trédhearcachta ina hiascaigh. Dá bhrí sin, molann an rapóirtéir inrianaitheacht na dtáirgí a allmhairímid a neartú chun a áirithiú go gcomhlíonfar ár gcaighdeáin shóisialta agus chomhshaoil, agus chun a áirithiú, go háirithe, nach dtagann siad ó iascaireacht NNN. Iarrann an rapóirtéir freisin go mbeadh iomaíocht níos cothroime ann trí chur chun feidhme éifeachtach an chomhaontaithe ar thángthas air in EDT i mí an Mheithimh 2022 maidir le fóirdheontais dhíobhálacha iascaigh.

Baineann an tríú hábhar béime atá á mholadh ag an rapóirtéir leis an ngá atá le hacmhainní iascaigh a chosaint ar an leibhéal domhanda, agus le cearta an duine agus biacheannasacht a chosaint freisin. Ní mór uaillmhianta an Aontais maidir le cosaint an chomhshaoil agus urraim do chearta an duine a léiriú ar an leibhéal idirnáisiúnta má táthar chun iad a bhaint amach. Is é sin is brí freisin le hAirteagal 28 den Chomhbheartas Iascaigh agus leis an obair atá idir lámha maidir le toirmeasc a chur ar tháirgí a eascraíonn as saothar éignithe agus as dualgas forairdill cuideachtaí, a luaigh an rapóirtéir sa togra. Mar gheall ar a dianghníomhaíochtaí iascaireachta agus a heaspa trédhearcachta, tá an tSín ag cur brú suntasach ar acmhainní iascaigh domhanda. Uaireanta déantar an méid sin chun dochair do chearta an duine, le líomhaintí iomadúla maidir le saothar éignithe. Ar deireadh, cuireann an brú sin ar stoic an tslándála bia i mbaol, go háirithe san Afraic Thiar, áit a ngabhtar acmhainní atá fíor-riachtanach do bheathú an phobail áitiúil, chun min éisc a tháirgeadh. Is é an tSín amháin is cúis le 50 % d'allmhairí mine éisc ar fud an domhain, rud a léiríonn a ábhartha atá an tuarascáil seo. Cé is moite den dúshlán follasach a bhaineann le hinbhuanaitheacht na n-acmhainní iascaigh, tá an bhiacheannasacht agus cosaint chearta an duine ar fud an domhain i mbaol. Iarrann an rapóirtéir, dá bhrí sin, go ndéanfaí bearta sriantacha i gcoinne cuideachtaí nach n-urramaíonn cearta an duine, agus go ndéanfaí measúnú, i gcás inar gá sin, ar staid na stoc (go háirithe na stoic sin a ndíríonn an tSín orthu le haghaidh táirgeadh mine éisc).

Sa cheathrú hábhar béime, áitíonn an rapóirtéir go leanfaí den idirphlé idir an tAontas Eorpach agus an tSín chun iascach níos inbhuanaithe a bhaint amach. Tá an iascaireacht ar cheann de na hábhair a dtagann comhlachtaí iltaobhacha ar chomhaontú ina leith fós inniu. Is iad Comhaontú Conartha na Náisiún Aontaithe maidir leis an Mórmhuir i mí an Mhárta seo caite agus Comhaontú EDT maidir le Fóirdheontais Iascaigh i mí an Mheithimh 2022 na samplaí is déanaí den mhéid sin. Tá dul chun cinn déanta ag an tSín freisin sa chomhrac i gcoinne iascaireacht NNN le blianta beaga anuas. Dá bhrí sin, iarrann an rapóirtéir go leanfaí den idirphlé go déthaobhach leis an tSín agus go hiltaobhach (FAO, ERBI agus EDT) chun iascaigh níos inbhuanaithe agus níos rialáilte a bhaint amach.

I mbeagán focal, is féidir leis an Aontas gníomhú agus ní mór dó gníomhú chun iascaireacht a dhéanamh níos inbhuanaithe ar fud an domhain. Chun é sin a thosú, ní mór feabhas leanúnach a chur ar ár gcleachtais féin, i gcomhar le páirtithe leasmhara, chun an bealach chun cinn a thaispeáint. Ach in aisce a bheidh na hiarrachtaí sin arna ndéanamh ag ár n-iascairí más rud é nach mbeidh feidhm ag na rialacháin ach maidir leosan amháin agus mura gcuirfear san áireamh gníomhaíochtaí iascaireachta na gcabhlach tríú tíortha. Mar mhórghníomhaí domhanda, tá ról lárnach ag an tSín san iascaireacht. Dá bhrí sin, ní mór di dul dtreo iascaigh atá níos trédhearcaí, níos inbhuanaithe agus rialáilte ar bhealach níos fearr.